

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOL
Athbhreithniú ar an mBliain 2020

Spricanna

Cuspóirí

Torthaí

An méid a bheidh bainte amach againn faoi 2020

Rialtóir Iontaofa Comhshaoil

Cinntiú go ndéanfar forbairt leanúnach ar chur chuige rialaitheach atá comhréireach agus éifeachtach..

Ailíniú a dhéanamh ar acmhainní GCC chun go mbeadh idirghníomhaíochtaí spriocdhírthe agus chun rioscaí comhshaoil a laghdú.

- ▲ Cur chuige sofhreagrach rialaitheach atá bunaithe ar rioscaí agus a chuireann páirtithe leasmhara san áireamh agus a chosnaíonn an comhshaoil agus daoine.
- ▲ Rioscaí laghdaithe comhshaoil ag áiseanna rialálte an GCC trí hidirghabhálacha saincheaptha agus trí chinntiú go mbíonn forálacha cuí airgeadais i bhfeidhm.
- ▲ Baint amach soláthair agus bainistíochta feabhsaithe uisce agus bonneagar uisce a chur chun cinn.

Ceannaire sa bhFianaise & san Eolas Comhshaoil

Acmhainn eolais, scileanna, saineolais agus láithreach réigiúnach GCC a **bhaint amach** mar phríomhacmhainní náisiúnta do chosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine.

Dlús a chur le soláthar tráthúil agus oiriúnaithe faisnéise chun riachtanais shainiúla páirtithe leasmhara a chomhlíonadh.

- ▲ Measúnuithe comhshaoil níos tráthúla atá bunaithe ar fhianaise le cur le beartais agus cinnteoireacht go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.
- ▲ Soláthar feabhsaithe eolais ar an gcomhshaoil do pháirtithe leasmhara, agus é ar líne, cothrom le dáta agus inrochtana.
- ▲ Clár taighde a dhíríonn ar bhearnaí eolais agus a chabhraíonn le réitigh ar fhadhbanna comhshaoil nua agus casta a aithint.

Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach

Neartú chumas agus acmhainn an GCC tionchar a imirt, abhcóideacht a dhéanamh agus oibriú le comhpháirtithe lena fíis agus a sainordú chun an comhshaoil a chosaint a bhaint amach.

Caidreamh a bhunú leis an bpobal faoi chosaint agus fheabhsú an chomhshaoil.

Feasacht níos fearr ar thionchar cháilíocht an chomhshaoil ar shláinte an duine a **chur chun cinn**.

- ▲ Deiseanna spriocdhírthe le tosaíochtaí comhshaoil agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú le beartais eanála, eacnamaíochta agus sóisialta.
- ▲ Clár rannpháirtíochta pobail a fhorbairt chun feasacht ar cheisteanna comhshaoil a mhéadú agus tacú le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint an chomhshaoil.
- ▲ Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile chun tairbhí dea-chomhshaoil don tsláinte agus don fholláine a bhaint amach.

Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil

Dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le cáilíocht fheabhsaithe uisce agus aeir a chur ar fáil in Éirinn.

Caidreamh a bhunú le comhpháirtithe straitéiseacha eile chun freagraí náisiúnta iomlánaíochta don athrú aeráide a fhorbairt.

Feabhas a dhéanamh ar an gcreat cosanta radaíochta in Éirinn.

Caidreamh a bhunú le comhpháirtithe straitéiseacha chun rialú éifeachtach an earnáil dhramhaíola a bhaint amach.

- ▲ Struchtúir éifeachtacha agus láidre a chur i bhfeidhm chun uisce níos fearr a chur ar fáil.
- ▲ Rúnáíocht athrú aeráide údarásach a thacaíonn leis an gComhphlé Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide /leis an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide agus leis an aistriú náisiúnta chuig sochaí agus geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.
- ▲ Bearta náisiúnta níos treise um forfheidhmiú dramhaíola chun daoine agus an comhshaoil a chosaint.
- ▲ Na creata um cháilíocht aeir agus cosaint ar radaíocht a neartú chun daoine agus an comhshaoil a chosaint tuilleadh.

Ar Fheabhas go hEagraíochtúil

Forbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ár n-eagraíocht a ailíniú chun na torthaí comhshaoil is fearr a bhaint amach.

Dírú ar fhorbairt agus chur chun cinn na sláinte, na folláine agus na sábháilteachta ag an obair san eagraíocht.

Cultúr ceannaireachta, leasúcháin agus nuálaíochta a **chur chun cinn**.

- ▲ Ár bhfeidhmeanna agus acmhainní a ailíniú ar mhaithe le bheith sofhreagrach agus bheith in ann dul in oiriúint do dhúshláin nua.
- ▲ Teagmháil leis an bhfoireann go léir chun timpeallacht thacúil a chruthú san ionad oibre.
- ▲ Cumas feabhsaithe i réimse an athraithe eagraíochtúil agus in úsáid TFC le tacú le hathchóiriú agus nuálaíocht.

Príomhstaitisticí — Figiúir na Bliana 2020

ÚDARUITHE

131

údarú comhshaoil eisithe

69

leasú údaraithe déanta

2

Chritéir maidir le dramhaíl nach dramhaíl a thuilleadh í comhaontaithe le haghaidh poileitiléin ísealdlúis (LDPE)

305

údarú radaíochta agus 632 leasú teicniúil eisithe

494

Fógra Seachtháirge Alt 27 Próiseáilte

FORFHEIDHMIÚ

127

cúairt ar láithreáin fuíolluisce uirbigh agus 51 cúairt ar láithreáin uisce óil

1,089

cúairt ar shaoráidí tionsclaíocha, dramhaíola, agus ar shaoráidí dumpála ar farraige agus comhdhúil s ho-ghalaithe orgánach (VOC)s

13

ionchúiseamh críochnaithe i 2020

75

niúchadh ar Shealbhóirí Ceadúnais Raideolaíocha

12

suíomh ar an liosta Suíomhanna Tosaíochta um Fhorfheidhmiú i 2020; ba iad na hearnálacha agraibhia agus dramhaíola a chuimsigh formhór na suíomhanna ar an liosta.

5

Threoir um uisce óil eisithe d'Uisce Éireann

MONATÓIREACHT

Rinneadh monatóireacht ar na níthe seo a leanas de réir paraiméadair cheimice:

1,761

1,179 Abhainn, 222 Loch, 272 Screamhuisce agus 88 Uisce Trasdultach & Cósta Rinneadh monatóireacht a leanas le haghaidh paraiméadair bhithleolaíocha agus cheimiceacha

18

stáisiún monatóireachta cáilíochta aeir curtha leis an líonra

119

Soláthar uisce óil Poiblí/Príobháideach le haghaidh radaighníomhaíochta

88

stáisiún monatóireachta aeir ag oibriú

GEILLEAGAR CIORCLACH

800

Beagnach 800 gnólacht a chláraigh ar an eolaire náisiúnta athchóirithe (repairmystuff.ie)

5

phríomh-mhiondóití (a chuimsíonn 70% de mhargadh grósaeireachta na hÉireann) a shínigh an Chairt um Chosc ar Chur Amú Bia

33

iarratas a fuarthas don chlár Fiontraíocht Ghlas: Nuálaíocht do Gheilleagar Ciorclach, agus bronnadh maoiniú ar 6 thion-scadal nua.

1,350+

cuideachta agus comhlacht poiblí a d'úsáid an uirlis TREE ar líne chun feidhmíocht éifeachtachta acmhainne a mheasúnú agus chun plean gníomhaíochta saincheaptha don fheabhas a ghiniúint.

29,000+

duine a ghlac páirt sa chlár um Chosc ar Chur Amú Bia ach cainéil meán sóisialta a leanúint; shroich feachtas náisiúnta maidir le cosc ar chur amú bia, 'Eat It or Freeze It', 4.6 milliún duine i Samhain.

EOLAS

1,046,496

seisiún ar www.epa.ie

Twitter (EPAIreland, Stopfoodwaste, EPA Catchments, EPA Beaches, EPA Research, EPA Air Quality, EPA Ecology): 42,969, Instagram (EPA Ireland): 1,681, LinkedIn (EPA Ireland agus EPA Research): 18,477, YouTube: 1,593

10,300+

gearán comhshaoil tuairiscithe (5,800+ trí See it? Say it? ar aip é; 2,200+ tríd an Líne Náisiúnta Gearán; 2,300+ go díreach chuig an GCC, lena n-áirítear 1,300+ faoi ghníomhaíochtaí ceadúnaithe agus 30+ faoi sholáthairtí uisce óil).

2,410+

ceist ón bpobal maidir leis an gcomhshaoil

310

Sraith sonraí GCC a uaslódáladh chuig data.gov.ie (53,486 amharc san iomlán)

113

iarratas ar fhaisnéis (60 iarratas Saorála Faisnéise agus 53 iarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil)

TAIGHDE

54

Tuarascáil Taighde, 25 faoin Aeráid, 22 faoin Inbhuanaitheacht agus 7 faoi Uisce,

ULLMHACHT D'ÉIGEANDÁLAÍ

20

icleachtadh éigeandála inmheánach a reáchtáladh

7

cleachtadh éigeandála idirnáisiúnta ar glacadh páirt iontu

RADON

102,441

amharc leathanaigh ar ábhar a bhaineann le radón ar an suíomh gréasáin

Súil Siar ar an mBliain - Freagairt GCC do Covid-19

Chuaigh paindéim dhomhanda Covid-19 i bhfeidhm ar gach gné de shochaí na hÉireann. Dúnadh gnólaicthe, áiseanna agus saoráidí ar fud na hÉireann, rud a raibh tionchar tobann nach bhfacthas roimhe aige. Le linn an ama sin, lean obair riachtanach na GCC ar aghaidh chun a chinntiú go gcosnaítear sláinte an duine agus nach ndéantar damáiste don chomhshaol mar gheall ar an dianghlásáil. I rith na paindéime, lean an GCC ar aghaidh ag obair leo siúd ar a ndéanann siad rialú, ag freagairt ar ghearáin, teagmhais agus éigeandálaí, ag tabhairt faoi iniúchtaí láithreáin agus ag déanamh teagmhála le ceadúnaithe agus leis an bpobal ar bhealach bunaithe ar riosca agus cuí.

Leanadh de mhonatóireacht a dhéanamh ar thruailleáin aeir ag stáisiúin ar fud na hÉireann, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce in aibhneacha, locha, inbhir, uiscí cósta agus screamhuiscí in Éirinn. Cé go bhfuil dúshlán ar leith ann de bharr Covid-19, lean foireann GCC ar aghaidh ag dul in oiriúint do chúrsaí nua lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí ar bhealach leanúnach agus go gcomhlíontar a sainchúram go hiomlán.

Bhí tairbhí ag baint leis an tionchar níos ísle a bhí ag an tsochaí ar an gcomhshaol in Éirinn, mar an gcéanna le codanna eile den domhan, lena áiríodh méid níos lú tráicte ar ár mbóithre faoi mar a cuireadh stop le gníomhaíochtaí tionsclaíocha go hiomlán nó go páirteach, oifigí folmha, méid níos lú aerárthaí sa spéir, agus go leor daoine nach raibh ábalta a dteach ná a gceantar áitiúil a

De réir pobalbhreithe a rinne an GCC le déanaí, d'úsáid 3 as 5 dhuine fásta méid níos lú breosla le haghaidh iompair le linn na paindéime, agus thosaigh formhór dhaonra na hÉireann ag siúl nó ag dul ar rothar, smaoinigh siad ar earraí a dhéantar go háitiúil a cheannach agus mhéadaigh siad an athchúrsáil a dhéanann siad.



fhágáil. Mar gheall air sin, tháinig laghdú gearrthéarmach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truaileáin aeir. Gineadh méid níos lú dramhaíola i roinnt earnálacha agus, ar an iomlán, bhí tionchar níos lú ar an gcomhshaol. In luí d'fhoilsigh an GCC nóta mionteagaisc 'Ireland in the Pandemic: Environmental Observations', ina ndéantar plé ar ghníomhaíochtaí thar raon réimsí téamacha. De réir na tuarascála, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh chun gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh fad a thagann Éire amach as géarchéim na paindéime. Ach tá sé rithabhachtach go ndéanaimid é sin trí mheán gníomhartha spriocdhírthe aeráide agus comhshaoil a dhíríonn ar athrú a dhéanamh ar ár bpátrúin reatha neamh-iniompartha ídithe agus táirgthe.

Athbhreithniú ECFE

Chomisiúnaigh an GCC an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) i 2018 chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an GCC agus comhairliúcháin a dhéanamh i 2019 mar chuid de. Thug piarmheasúnóirí as an Iorua, Albain agus as an bPortaingéil tacaíocht d'fhoireann an ECFE lena gcuid oibre. Bhuail foireann ECFE le raon leathan páirtithe leasmhara, lena áiríodh eagraíochtaí neamhrialtasacha, ranna rialtais agus comhaltaí den Oireachtas.

Fuarthas amach san athbhreithniú, a foilsíodh go luath i 2020, gur ghnóthaigh an GCC cáil mar eagraíocht a bhfuil muinín aisti agus a bhfuil meas uirthi maidir le cosaint comhshaoil agus raideolaíochta agus go bhfuil aitheantas uirthi as a hardchaighdeán eolaíochta." Anuas air sin, fuarthas amach sa tuarascáil gur "tagairt iad sonraí agus tuarascálacha na GCC

le haghaidh eolais maidir le comhshaol na hÉireann agus go mbreathnaítear ar an GCC mar ghuth údarásach maidir le ceisteanna comhshaoil, go ndéanann sí líonrú ar leibhéal na hEorpa ar bhealach éifeachtach, áit ar ghnóthaigh sí cáil mar eagraíocht oscailte nuálach ar féidir léi go leor dea-chleachtas a roinnt."

Tharraing an ECFE aird air go n-oibríonn an GCC i gcomhthéacs a bhíonn ag athrú agus go ndéanfaí cinnte de gur fostóir tarraingteach nua-aimseartha agus rialaitheoir ceannródaíoch muid dá nglacfaí cinntí straitéiseacha tábhachtacha áirithe chun tionchar ár n-oibre a léiriú trí thuairiscíú soiléir feidhmíochta. Gníomhaigh an GCC de réir roinnt de mholtaí ECFE cheana féin agus leabófar a thuilleadh iad i straitéis nua na GCC a fhoilseofar níos déanaí i 2021.

2020

EAN



Tugann an GCC rabhadh go bhfuil tobair atá tógtha go dona agus monatóireacht neamhleor ar sholáthairtí uisce príobháideacha ag cur sláinte i mbaol

Téann an GCC i gcomhpháirt le hInstitiúid an Domhain UCD le haghaidh an chomórtais 'The Story of your Stuff 2020'



FEABH

Plé Náisiúnta maidir leis an Athrú Aeráide - Léacht faoin Aeráid 'The Green Deal: Delivering a Climate - Neutral Europe'



Maoiniú € 10 milliún fógartha le haghaidh taighde comhshaoil nua'

MÁR

Táirgeann Éire os cionn leathmhilliún tona dramhaíola guaisí gach bliain'




AIB

Treochtaí le déanaí maidir le truailliú aeir in Éirinn



Tháinig laghdú 8.7 faoin gcéad ar astaíochtaí giniúna cumhachta agus tionsclaíocha na hÉireann i 2019



Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil 2020



Is é *Comhshaoil na hÉireann: Measúnú Comhtháite 2020*, a foilsíodh i mí na Samhna, an seachtú tuarascáil i sraith tuarascálacha ar Staid an Chomhshaoil ón GCC. Soláthraíonn na tuarascálacha sin fianaise náisiúnta maidir le staid ár gcomhshaoil nádúrtha, agus na dúshláin agus deiseanna a bhaineann lena chosaint. De réir an mheasúnaithe is déanaí, níl caighdeán foriomlán chomhshaoil na hÉireann san áit ar chóir dó a bheith, agus níl cuma dhearfach ar a bhfuil i ndán dó mura gcuirimid dlús le feidhmiú réiteach ar fud gach earnála agus ar fud na sochaí. Tá fadhbanna leanúnacha ann maidir le caighdeán an uisce agus an aeir, cailteanas bithéagsúlachta, éifeachtúlacht acmhainne, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus athléimneacht i leith cur isteach ar an aeráid, bonneagar tearcforbartha comhshaoil agus iompair, agus brúnna uirbithe, chomh maith leis an dochar a dhéantar de bharr na gcleachtas neamh-iniompartha táirgthe agus ídithe atá againn. Tá ceisteanna agus dúshláin

chomhshaoil casta agus ceangailte le chéile agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach comhtháite. Agus an tuarascáil á seoladh aici, d'éiligh an GCC staid polasaí náisiúnta uileghabhálach don chomhshaoil a bhféadfadh gach roinn rialtais, gníomhaireachtaí, gnólachtaí, pobail agus daoine aonair a n-ainm a chur leis. Chuirfeadh sé sin soiléire ar fáil maidir le huailmhian agus tiomantas na hÉireann chun an comhshaoil a chosaint agus chun gníomhú de réir na hÍomhá d'Oileán Glan Glas.

Sa tuarascáil sin, tarraingíodh aird ar fheasacht níos airde i measc daoine ar na tairbhí dearfacha a bhaineann le comhshaoil glan ó thaobh sláinte agus folláine de, go háirithe i bhfianaise phaindéim Covid-19, rud a léiríonn gur infheistíocht sa tsláinte é infheistíocht sa chomhshaoil. Caitheadh na spásanna glasa agus gorma ina gceanglaíonn daoine leis an dúlra arís - páirceanna, cóstaí, locha, aibhneacha, foraois agus portaigh - a bheith glan agus caithear iad a chosaint.

Athrú Aeráide

Fiú i rith tréimhse ina bhfuil ábhair imní suntasacha ann ó thaobh na sláinte poiblí de, tháinig méadú suntasach ar fheasacht shóisialta agus rannpháirteachas poiblí maidir le ceisteanna comhshaoil in Éirinn.


I measc na rudaí a dhéanann an GCC chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, cuireann sí figiúirí agus réamh-mheastacháin le chéile faoi astaíochtaí gás ceaptha teasa; rialaíonn sí astaíochtaí ó earnálacha tionscail; tacaíonn sí le taighde ar an athrú aeráide; agus tacaíonn sí le hathrú iompraíochta agus déanann sí éascaíocht ar an bPlé Náisiúnta maidir leis an Athrú Aeráide.

Leis na réamh-mheastacháin gás ceaptha teasa don bhliain 2020, tarraingíodh aird den chéad uair air go mbainfeadh Éire a spriocanna AE 2030 reatha amach dá gcuirfeadh an tír na bearta sa Phlean Gnímh Náisiúnta don Aeráid ina n-iomláine. Ach ní hé sin ach an chéad chéim ar thuras na hÉireann i dtreo sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de. Tá athrú tapa forleathan ó bhonn ag teastáil sna hearnálacha fuinnimh, iompair, úsáide talún, talmhaíochta agus bia, san earnáil

tógála agus in earnáil na tionsclaíochta. D'fhéadfadh an t-athrú sin deiseanna agus comhthairbhí a chruthú, idir chruthú post, nuálaíocht, chaighdeán aeir níos fearr, shláinte daonna níos fearr, laghdú ar phlódú tráchta agus thithe níos teo, níos éifeachtúla.

Mar chuid den Phlé Náisiúnta maidir leis an Athrú Aeráide, chuir an GCC tús le creatlach náisiúnta léargas iompraíochta a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht i dtaca leis an athrú aeráide agus lena húsáid ag an Rialtas agus páirtithe leasmhara. Is gné thábhachtach den obair seo tuiscint a fháil ar iompar agus meonta i leith an Athraithe Aeráide in Éirinn, rud atá ar siúl i gcomhar le hOllscoil Yale.


Thosaigh an GCC measúnú 5 bliana ar thaighde faoin aeráid in Éirinn. Is é is aidhm leis an obair seo measúnú ar ár dtuiscint ar an athrú aeráide a chur ar fáil bunaithe ar thaighde eolaíoch agus ar bhreathnú córasach. Déanfaidh sé sin eolas do chinnteoireacht faoi ghníomhartha atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus taighde a dhéanamh ar thosaíochtaí amach anseo.



Aontaíonn 89 faoin gcéad de dhaoine fásta gur sócmhainn luachmhar é an comhshaoil. Ina theannta sin, dar le 58 faoin gcéad de dhaoine fásta, tá an t-athrú aeráide i measc na dtrí ábhar imní is mó ó thaobh an chomhshaoil atá ag Éirinn agus trian díobh ag rá go mbíonn tionchar aige orthu go pearsanta.

An Comhshaol agus an tSláinte

Tá nasc dlúth idir sláinte agus folláine an duine agus staid an chomhshaoil atá thart orainn. Tá sé cruthaithe go mbíonn tionchar díreach ag bagairtí comhshaoil ar shláinte agus folláine an duine. I measc na nguaiseacha sin tá truailliú, radaíocht agus ceimiceáin. Tá an tairbhe a bhaineann le comhshaol glan ag a bhfuil spásanna glasa agus gorma ina cuid ríthábhachtach de bhonneagar sláinte na hÉireann, páirceanna uirbeacha, cóstaí, locha agus aibhneacha, foraoisí agus portaigh san áireamh.



Cáilíocht an Aeir

Soláthraíonn Clár Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh de chuid na GCC faisnéis fhíor-ama logánta maidir le cáilíocht an aeir agus bíonn comhairle sláinte poiblí in éineacht leis. Tar éis 14 stáisiún a chur leis an líonra i 2020, méadaíodh monatóireacht fhíor-ama ar cháilíocht an aeir beagnach faoi thrí ó cuireadh tús le cur i bhfeidhm an chlár ag deireadh 2017. I 2020, rinneadh deais cáilíochta aeir na GCC a athfhorbairt chun rochtain níos fearr agus níos éasca a chur ar fáil, chomh maith le léirmhíniú níos fearr ar shonraí. Léirigh na sonraí monatóireachta fíor-ama laghdú 50% ar leibhéal na dé-ocsaíde nítrigine, ar thruailleán a bhaineann le trácht í, i lár Chathair Bhaile Átha Cliath le linn na chéad dianghlása náisiúnta. D'éirigh leis an GCC freisin maoiniú a fháil trí chlár LIFE an Aontais Eorpaigh chun feabhas a chur ar fhaisnéis don phobal maidir le cáilíocht an aeir, lena n-áirítear samhltú do cháilíocht an aeir agus réamhaisnéis 3 lá maidir le cáilíocht an aeir a fhorbairt. Tosaíonn an tionscadal sin i 2021.

Gás Radóin

Ar Lá Radóin na hEorpa i Samhain chuir an GCC feachtas feasachta poiblí ar siúl a tharraing aird ar radón mar thruailleán aeir laistigh. Dhírigh an feachtas ar chontaetha inar aimsíodh leibhéal an-arda radóin agus thug sé spreagadh do shealbhóirí tí dul i ngleic le radón agus feabhas a chur ar an gcáilíocht aeir laistigh. Chomh maith leis sin, mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta 2020, reáchtáil an GCC - i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Loch Garman - imeacht ar líne chun




Léirigh suirbhé a rinne GCC le déanaí go ndeir 84 faoin gcéad de dhaoine go raibh fáil ar an dúlra (ó thaobh meabhairshláinte agus aclaíochta de)

ríthábhachtach le linn phaindéim

Covid-19, agus deir 83 faoin gcéad díobh go raibh fáil ar an dúlra chun críocha aclaíochta an-tábhachtach dóibh.

scéim iasachta monatóirí digiteacha radóin a sheoladh i Leabharlann Ros Mhic Thriúin, Contae Loch Garman. Thug an scéim sin deis do bhaill den leabharlann monatóir digiteach radóin a fháil ar iasacht ar an mbealach céanna le leabhar. Tugadh spreagadh do dhaoine den phobal a fuair tástáil roimhe seo a chuir leibhéal arda radóin in iúl monatóir digiteach a fháil ar iasacht le deimhniú cibé acu an bhfuil leibhéal radóin fós ard nó nach bhfuil agus tugadh spreagadh dóibh a n-áiteanna cónaithe a fheabhsú más gá.



De réir taighde arna mhaoiniú ag an GCC le déanaí, a rinne Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), tá acmhainneacht mhaith ag 'umair éighníomhacha' mar bheart coisctheach radóin. Lena n-éifeachtacht in áiteanna cónaithe Éireannacha a dheimhniú, thug an GCC faoi staidéar allamuigh ar umair éighníomhacha i 2020 i gcomhar le conraitheoir radóin a oibríonn i gceantar radóin aird. Úsáidfear na sonraí ón staidéar sin chun eolas a dhéanamh don chéad uasdátú eile den doiciméad treorach teicniúla don Rialachán Tógála maidir le cosc radóin.

Radaíocht neamh-ianúcháin


Mar chuid dá ról nua chun comhairle a thabhairt maidir le nochtadh an phobail ar réimsí leictreamaighnéadacha, d'fhorbair an GCC comhairle don phobal maidir le 5G agus sláinte agus maidir le radaíocht ó úsáid fón póca, comhairle atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC. Foilsíodh clár náisiúnta monatóireachta ar nochtadh ar réimsí leictreamaighnéadacha le haghaidh comhairliúcháin poiblí i Meán Fómhair 2020.

Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach

Tugann na staitisticí is déanaí maidir le dramhaíl in iúl go bhfuil giniúint dramhaíola ag méadú thar go leor sruthanna dramhaíola. Cé go bhfuil Éire ag baint amach na spriocanna reatha reachtacha i leith bailiú, aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola agus i leith atreoraithe ó líonadh talún, is dúshlán mór a bheidh sna spriocanna amach anseo – go háirithe maidir le hathchúrsáil bhordasach agus pacáistíochta.

Geilleagar Ciorclach

Is é is geilleagar ciorclach ann ná geilleagar atá bunaithe ar laghdú dramhaíola, athúsáid agus athchúrsáil. Cé go bhfuil spriocanna reatha dramhaíola á mbaint amach ag Éirinn, tháinig rátaí athchúrsála ar leibhéal seasta i gcás dramhaíl bardais agus dramhaíl phacáistíochta agus tháinig laghdú ar rátaí i roinnt cásanna. Tá giniúint dramhaíola fós ard agus baineann sé sin le gníomhaíocht gheilleagrach. Tar éis teacht amach as níos mó ná dianghlais amháin, chuirfeadh spreagadh téarnaimh 'ghlais' deis uathúil ar fáil chun gníomhaíocht gheilleagrach bhuan a ghiniúint nach gcuireann ualach ró-mhór ar an gcomhshaol.



Bainistíocht Dramhaíola

Chuir an GCC staitisticí náisiúnta le chéile i 2020 maidir le giniúint agus bainistiú dramhaíola in Éirinn agus d'fhoilsigh sí tuarascáil nua maidir le staitisticí dramhaíola. Léirigh na sonraí sin, cé go bhfuil Éire fós ag baint na spriocanna reatha uile amach go fóill, beidh sé dúshlánach na spriocanna AE níos déine a bheidh ann ó 2025 agus 2030 ar aghaidh a bhaint amach.

Dramhaíl ó Phacáistíocht

Léirigh sonraí GCC maidir le bainistiú pacáistíochta dramhaíola go ngineann Éire os cionn 1 milliún tona in

aghaidh na bliana. Cé go bhfuiltear ag baint amach riachtanais AE reatha agus go bhfuil leibhéal arda athchúrsála ann i roinnt sruthanna ábhar pacáistíochta cosúil le páipéar, cairtchlár agus plaisteach, tá roinnt treochtaí ar ábhair bhuartha iad fós ann. Tá rátaí athchúrsála ag titim: rinneadh 64 faoin gcéad de phacáistíocht a athchúrsáil i 2018 i gcomparáid le 74 faoin gcéad i 2012. Tháinig titim ar ráta athchúrsála pacáistíochta plaistigh den tríú bliain as a chéile, agus is ionann é agus 31 faoin gcéad anois. Tá gníomh ag teastáil chun go mbainfidh Éire spriocanna nua AE amach sna blianta atá le teacht.

Dramhaíl Ghuaiseach

I Nollaig, d'fhoilsigh an GCC sonraí nuashonraithe a bhaineann le giniúint dramhaíola guaisí in Éirinn agus táirgeadh os cionn 581,000 tona dramhaíola guaisí in Éirinn i 2019, ar méadú 55,000 tona é ar an mblain roimhe.

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Tacaíonn an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl le fiontair, teaghlach agus an earnáil phoiblí chun cosc a chur ar dhramhaíl agus an geilleagar ciorclach in Éirinn a spreagadh. In 2020, d'infeistigh an GCC €1.5m chun an geilleagar ciorclach in Éirinn a spreagadh.



I Samhain, sheol an GCC feachtas nua chun daoine a spreagadh le gníomhartha simplí a dhéanamh chun cur amú bia a laghdú ach fuilleach bia a reo roimh dháta dultha ó mhaith. De réir suirbhé a rinneadh le déanaí, deir 68 faoin gcéad de dhaoine gurb é an chúis is mó le bia a chaitheamh amach sa bhaile ná an bia a bheith 'imithe thar an dáta dultha ó mhaith'.

Taighde Nuálaíochta na nGnóthas Beag de chuid Fhiontraíocht Éireann

D'éirigh le hiarratas na GCC ar ghairm Thaighde Nuálaíochta na nGnóthas Beag de chuid Fhiontraíocht Éireann agus seoladh a tionscadal nuálaíochta i 2020 chun dramhaíl plaistigh bhoig a laghdú i gcóras lóin scoile na hÉireann. Cuireann sé sin leis an gCiste um Fhiontraíocht Ghlas don Geilleagar Ciorclach de chuid na GCC, ar fiú €600k é. Tháinig méadú ar líon na n-iarratasóirí ar an gciste sin i 2020. Tugann an ciste GCC sin deis d'earnáil an ghnó agus do chuideachtaí a bheith nuálach i réimsí cosúil le cur amú bia, dramhaíl plaistigh agus dramhaíl tógála agus scartála, chun táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil.

BEA



Léiríonn tuarascáil GCC feabhas leanúnach ar cháilíocht an uisce snámha



Treochtaí le déanaí maidir le dé-ocsaíd nítrigine (NO₂) in Éirinn

MEI

Leanann astaíochtaí amóinia in Éirinn ag ardú agus sáraíonn siad teorann an AE



Ócáid Náisiúnta Uisce na GCC



Fógraíonn an GCC ciste spreagtha ghlais ar fiú € 600,000 é do nuálaithe agus FBManna

IÚIL

Téann rátaí athchúrsála na hÉireann sa treo mícheart



Tuarascáil maidir le Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí (2019)

LÚN


Tá an Geilleagar Ciorclach ríthábhachtach do Théarnamh Glas na hÉireann



Uisce

Monatóireacht ar Chaighdeán an Uisce

Mar chuid de chlár mhonatóireachta na GCC, bailíodh os cionn 13,400 sampla agus rinneadh anailís orthu i rith 2020. Is ionann é sin agus beagnach 84 faoin gcéad den chlár bunaidh a bhí beartaithe ag tús na bliana. Dá bharr sin, bhí an GCC ábalta leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na ndobharlach Éireannach le linn phaindeim Covid-19.



Táscairí ar Cháilíocht an Uisce

I Nollaig, d'fhoilsigh an GCC a tuarascáil maidir le Táscairí ar Cháilíocht an Uisce. Léiríonn an tuarascáil sin gurb é an phríomhbhagairt do cháilíocht an uisce ná go bhfuil an iomarca cothaitheach ann, cosúil le fosfar agus nítrigin. Den chuid is mó, is as talmhaíocht agus fuíolluisce a thagann na cothaitheach sin. Níl os cionn aon trian dár n-aibhneacha agus aon cheathrú dár lochanna ag baint amach caighdeán cáilíochta comhshaoil maidir le cothaitheach. Tá tiúchan ard nítrigine i níos mó ná aon chúigiú dár ndobharlaigh screamhuise, inbhearacha agus uisce cósta. Níl ach go díreach os cionn leath de na haibhneacha agus locha ar chaighdeán ard nó caighdeán maith ó thaobh bitheolaíochta de.




Uisce Snámha

I mBealtaine 2020, d'fhoilsigh an GCC an Tuarascáil ar Uisce Snámha inar tarraingíodh aird air gur chomhlíon 95 faoin gcéad d'uisce snámha an caighdeán fosta atá ag teastáil nó gur sháraigh siad é. Ar an drochuair, tá an rangú 'Go Dona' tugtha do Thrá Mhuirfean i mBaile Átha Cliath le cúig bliana anuas agus níor tugadh aon rangú dó i 2020 mar gheall ar dhroch-cháilíocht leanúnach uisce. Bhí an-tóir ar Beaches.ie arís i 2020 agus thug 150,000 duine cuairt ar an suíomh gréasáin chun cáilíocht an uisce snámha a sheiceáil.

Hidriméadracht

D'fhoilsigh an GCC, ag obair le Met Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, feasacháin mhíosúla hidriméadrachta ina raibh eolas maidir le sreafaí abhann agus leibhéil locha agus screamhuise. Rinne na sonraí sin eolas d'fhoghrúpa faoi stiúir na Roinne maidir le triomach agus thacaigh siad le heolas a dhéanamh do chinnteoireacht le linn an tseala triomaigh i mbliana.

Fuíolluisce Uirbeach



I Samhain, d'fhoilsigh an GCC Tuarascáil maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Fuarthas amach sa tuarascáil sin go bhfuil fad á chur leis an riosca don chomhshaoil agus do shláinte phoiblí mar gheall ar mhoilleanna ar uasghrádú a dhéanamh ar chórais chóireála ar fud na tíre. Cé gur léir gur tháinig feabhas áirithe ar fheidhmíocht le bliain anuas, ritheann séarachas amh ó 35 baile agus sráidbhaile isteach inár gcomhshaoil gach lá go fóill.

Cáilíocht Uisce Óil



Foilsíodh Tuarascáil na GCC maidir le Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí in Iúil agus léirigh sí go raibh cáilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí fós ard. Ach, ag amharc ar an am atá le teacht, tá moill ar chur i gcrích feabhsúchán ar sholáthar poiblí ag cur cáilíocht uisce agus sláinte an phobail i mbaol. Cé go bhfuil dul chun cinn áirithe á dhéanamh, theip ar ghnéithe d'ionad cóireála uisce Léim an Bhradáin níos mó ná uair amháin i 2019 agus tarraingíonn sé sin aird ar easpa thromchúiseach athléimneachta i soláthairtí poiblí.

Ceadúnú agus Forfheidhmiú

Príomhcheisteanna comhshaoil don earnáil a aithint

Na gníomhaíochtaí forfheidhmithe is oiriúnaí a roghnú

Torthaí a sheachadadh agus a thomhas

Ceadúnú

Is príomhfhéidhm na GCC í rialáil an chomhshaoil, lena n-áirítear measúnú agus údarú gníomhaíochtaí thar raon tionscal, lena n-áirítear dramhaíl, cógaisíocht, an earnáil chumhachta agus bainistiú na Scéime Trádála Astaíochtaí. B'ionann líon na n-údaruithe comhshaoil a rinne an GCC i 2020 agus 131, i gcomparáid le 132 an bhliain seo caite.

I measc cinntí ceadúnaithe agus ceada i 2020, bhí cinntí a bhain le méaduithe ar shaoráidí cáiliúla agus gníomhaíochtaí infheistíochta i láithreáin úrnua in earnálacha na ceimice cógaisíochta, bia agus dí, na dramhaíola, TFC agus na cumhachta. Reáchtáil an GCC Éisteacht ó Bhéal fhíorúil chun scrúdú a dhéanamh ar agóidí agus ábhair imní a cuireadh in iúl maidir leis an gceadúnas molta a tugadh do Irish Cement Limited, Caisleán Mhungairit, Contae Luimnigh. Tháinig an GCC os comhair an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht i dtaca leis an mBille um Astógálacha Uisce (Comhshaoil). Chuir an GCC fianaise agus sonraí ar fáil chun tacú le forbairt na reachtaíochta maidir le córas nua ceadúnaithe astógála a thabhairt isteach.

Chomh maith leis sin, rialaíonn an GCC úsáid na radaíochta ianúcháin in Éirinn, lena n-áirítear earnálacha leighis, fiaclóireachta, tréidliachta, tionsclaíochta agus slándála. Le linn 2020, cuireadh obair i gcrích chun na ceadúnaithe raideolaíochta atá ann a aistriú chuig an gcóras nua grádaithe le haghaidh údaraithe. Ag an am céanna, leanadh ar aghaidh le hobair chun an cur chuige grádaithe i leith rialála a leabú a thuilleadh, lena n-áirítear an cód cleachtais nua maidir le radaíocht ianúcháin a úsáid i dtréidliacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail cheadaithe na GCC le haghaidh Comhairleoirí Cosanta ar Radaíocht. Bhí sé go háirithe dúshlánach an earnáil leighis a rialú le linn 2020 mar gheall ar an bpaindéim.

Forfheidhmiú Ceadúnas

Tá breis is 800 ceadúnas mór tionsclaíoch agus dramhaíola á fhorfheidhmiú ag an GCC faoi láthair. Tháinig laghdú ar bheagnach 100 de na gníomhaíochtaí sin nó stop siad le linn phaindéim Covid-19. Bhí ar fhoirne forfheidhmithe na GCC freisin Measúnuithe Cianda Comhlíontachta a oiriúnú agus a chur san áireamh, chomh maith le húsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar riosca i leith iniúchtaí ar an láthair. D'fhreagair iniúchóirí do theagmhais, éigeandálaí agus gearáin shuntasacha ar an láthair agus d'oibrigh siad le ceadúnaithe ó chian i gcás fhormhór na láithreán.

Tháinig méadú ar ghearáin a rinneadh chuig an GCC faoi láithreáin cheadúnaithe nuair a tháinig srianta na paindéime i bhfeidhm, gearáin a bhain le boladh den chuid ba mhó. Cé gur bhain beagnach leath de na gearáin a fuarthas le trí láithreán, tháinig méadú foriomlán ar líon na ngearán ar fud na tíre. Thug an GCC faoi 1,089 cuairt ar áiteanna a bhfuil dramhaíl thionsclaíoch ann, ar áiteanna a

ndearnadh dumpáil ar muir agus ar shaoráidí comhdhúile soghlaithe orgánacha (VOC). I gcás trí fhoinsé suntasacha de na gearáin, ghlac na ceadúnaithe le bearta tar éis don GCC idirghabháil a dhéanamh, chun fadhbanna a bhaineann le boladh ag na háiteanna sin a réiteach.

Critéir Ghlactha maidir le Dramhaíl Ithreach agus Chloiche

I bhFeabhra, foilsíodh treoir i dtaca le Critéir Ghlactha do Dhramhaíl Ithreach agus Chloiche inar leagadh amach critéir shoiléire do ghlacadh na dramhaíola sin ag láithreáin cheadúnaithe. Cuireadh feachtas comhbheartaithe forfheidhmithe ar siúl níos déanaí sa bhliain. Dá bharr sin, stop oibreoirí ag úsáid critéir mhíchúil ghlactha le haghaidh dramhaíl thámh líonta talún agus thosaigh siad ag bainistiú ithir agus clocha ar bhealach níos fearr.

Forfheidhmiú Uisce



Forfheidhmíonn an GCC rialacháin agus ceadúnais dramhaíola, chomh maith le deimhnithe údaraithe a bhaineann le hUisce Éireann. Le linn na paindéime, lean an fhoireann sa GCC, Uisce Éireann agus Údarás Áitiúla de fhreagairt a dhéanamh do theagmhais, éigeandálaí agus gearáin shuntasacha ar an láthair.


Imeachtaí Ar Líne

Mar gheall ar shrianta le linn phaindéim Covid-19, bhí ar an GCC smaoineamh ar conas arbh fhéidir léi leanúint d'fheasacht a ardú ar cheisteanna comhshaoil agus tá obair á déanamh chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin. Nuálaíocht shuntasach amháin ba ea é comhdhálacha GCC a chur ar fáil ar líne agus óstáladh imeachtaí fíorúla maidir le truailiú aeir, uisce, dramhaíl, an geilleagar ciorclach agus comshaoil agus an tsláinte. Óstáladh an chomh-chomhdháil GCC / Ionad na hÉireann um Dhlí Comhshaoil ar líne i 2020 freisin. D'fhreastail líon níos airde daoine ar na comhdhálacha sin ná ar na comhdhálacha traidisiúnta (i gcásanna áirithe bhí suas go dtí trí huairé níos mó daoine ag freastal).

Rannpháirtíocht saoránach

Le linn 2020, lean an GCC de ról tábhachtach a imirt ó thaobh feachtas a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh eolaíochta sluafoinsithe. Is é an aidhm atá aige sin rannpháirteachas saoránach i gceisteanna comhshaoil a mhéadú agus i mbailiú sonraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh taighde GCC. Léiríonn an fhreagairt do thionscadail le linn 2020 cé chomh sásta is atá saoránaigh agus an fonn atá orthu páirt a ghlacadh i gcosaint a dhéanamh ar a gcomhshaoil. Léirigh siad an mhian atá acu oibriú le chéile chun tacú lenár n-iarachtaí chun ár ngealltanais chomhshaoil a chur i gcrích agus dlús a chur faoin athrú riachtanach.

An Clár Eolaíochta Sluafoinsithe GLOBE



Leanann an GCC de bheith ag obair leis an Taisce ar an gclár eolaíochta sluafoinsithe GLOBE. Thomhais scoileanna a ghlac páirt i bhfeachtas cháilíochta aeir an Earraigh agus an Fhómhair dé-ocsaíd nítrigine ag trí láithreán thart ar a scoileanna. Fuair siad amach go dtaifeadtar uasluchanna, de ghnáth, leis na tíuba monatóireachta is gaire don phríomhbhóthar.

Clár um Aer Glan Le Chéile

Le linn 2020, forbraíodh clár níos mó eolaíochta sluafoinsithe nua maidir le cáilíocht an aeir, an Clár um Aer Glan Le Chéile. Rollfar amach é ar dtús i mBaile Átha Cliath i 2021 agus tomhaisfidh thart ar 1,200 rannpháirtí leibhéal dé-ocsaíde nítrigine ina gceantair áitiúla. Cuireadh an scéim phiolótach don chlár i gcrích i 2020.



Suirbhéanna Eolaíochta Sluafoinsithe maidir le Snáthaidí Móra agus an Cladach



Leanann an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta de na suirbhéanna eolaíochta sluafoinsithe *Dragonfly Ireland* (Snáthaidí Móra Éireann) agus *Explore Your Shore* (Taiscéal do Chladach) a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an GCC. Mar gheall ar an suirbhé *Dragonfly Ireland*, beidh léarscáil nuashonraithe de shnáthaidí móra agus béchuileanna ann. Tacóidh an suirbhé *Explore Your Shore* linn feabhas a chur ar an eolas maidir le dáileadh na speiceas muirí agus scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a bheadh acu mar bhitáscairí ar cháilíocht an uisce agus ar an athrú aeráide.

Le linn 2020, lean an GCC d'obair a dhéanamh le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun torthaí dearfacha don chomhshaoil a bhaint amach. Tá ról tábhachtach aige sin maidir le feachtas a mhúscailt agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a mhéadaíonn rannpháirtíocht an phobail i gceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaoil.

MF



Tarraingíonn Tuarascáil Náisiúnta Staidrimh aird ar bhearta atá ag feastáil chun feabhas a chur ar rátaí athchúrsála in Éirinn



Seolann an GCC Tuarascáil nua maidir le Cáilíocht an Aeir



Is é Arán an Bia is Mó a Chuirtear Amú in Éirinn

DF




Foilsítear torthaí ón gcomhtháighde maidir le tairbhí na spásanna gorma agus glasa do shláinte fhisiciúil agus do mheabhairshláinte



SAMH



Foilsíonn an GCC a 7 úTuarascáil ar Staid an Chomhshaoil



Spreagann an GCC úinéirí tí tástáil a dhéanamh ar a dtithe le haghaidh radóin



Seolann Cosc ar Chur Amú Bia an feachtas ar líne 'Eat It or Freeze It'



Comhdháil Sláinte agus Folláine Comhshaoil. Arna óstáil ag an GCC; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte & ESRI.



Foilsíonn an GCC Tuarascáil maidir le Fúfoluisce Uirbeach 2019

NOL



Ní Mór Cosaint Níos Fearr a Dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce in Éirinn



Leanann giniúint na dramhaíola guaisí in Éirinn ag ardú

Comórtais agus Gradaim



Gradaim na Meán Digiteach 2020

In Eanáir, ba é an GCC an príomhurrathóir do Ghradaim na Meán Digiteach 2020. Ba é príomhspreagadh na hurraíochta sin lucht sprice níos óige a shroicheadh (18-33 bliain) agus tacaíocht a thabhairt dár gclúdach meán sóisialta. Chomh maith leis sin, d'urraigh an GCC Gradaim Náisiúnta Mheáin na Mac Léinn 2020 sa chatagóir le haghaidh iriseoireachta a bhaineann le ceisteanna comhshaoil. De bharr an imeachta sin, bhí an GCC ábalta a dteachtaireachtaí a chur chun cinn i measc os cionn 100,000 mac léinn tríú leibhéal agus a léachtóirí.

An Comórtas 'Story of Your Stuff'

Tháinig deireadh leis an gceathrú comórtas do mheánscoileanna de chuid na GCC, an comórtas 'Story of Your Stuff', i Meitheamh 2020. Fuair an GCC os cionn 120 iontráil ó scoileanna ar fud na tíre, iontrálacha a tharraing aird ar an tionchar comhshaoil a bhíonn ag earraí nó gníomhaíochtaí laethúla. D'inis na daltaí a gcuid scéalta go cruthaitheach agus úsáid á baint acu as meáin amhairc. Spreagann an comórtas úsáid na faisnéise comhshaoil atá ar fáil faoi Chomhshaoil na hÉireann agus ar shuíomh gréasán na GCC chun a dtionscadail a chur i gcrích. Daltaí ó Choláiste Naomh Aindriú, Baile an Bhóthair, Baile Átha Cliath, a bhuaigh an duais i mbliana.

Comhpháirtíochtaí

I rith na bliana 2020, d'oibrigh an GCC go dlúth i gcomhar le ECO-UNESCO agus Junior Achievement Ireland, d'urraigh an GCC gradam comhshaoil ag na Gradaim d'Eolaithe Óga, agus chuir an GCC léacht ar fáil maidir le 5G in Eolaíocht agus Teicneolaíocht Ag Oibriú (Science and Technology in Action). Mar gheall ar an obair sin, bhí deiseanna ann teagmháil a dhéanamh le grúpaí daoine nua agus daoine níos óige, fad a mhéadaítear feasacht comhshaoil agus a chuirtear príomhtheachtaireachtaí na GCC chun cinn.

An GCC a Ghlasú



Lean Córas Bainistíochta Comhshaoil na GCC ag feidhmiú go héifeachtach agus d'éirigh leis an caighdeán ISO14001 a athdheimhniú i rith 2020.

Chuir Clár Bainistíochta Comhshaoil 2020 feabhas ar Fheidhmíocht Fuinnimh, Dramhaíl, Bainistíocht Dramhaíola Neamhghuaisí, Iompar, Bithéagsúlacht agus Uisce. Tháinig méadú ar líon na bpointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus ar líon na bhfeithiclí atá go hiomlán leictreach, agus cheannaíomar ár gcéad veain atá go hiomlán leictreach.





Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

www.epa.ie

Ceanncheathrú

Bosca PO 3000

Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin

Contae Loch Garman, Éire, Y35 W821

T +353 53 916 0600

F +353 53 916 0699

R info@epa.ie

LoCall 1890 33 55 99

Twitter: @EPAireland

www.youtube.com/user/epaireland



Bord an GCC: An Dr Tom Ryan, An Dr Eimear Cotter, An tUasal Gerard O'Leary, Laura Burke (Stiúrthóir Ginearálta), An Dr Ciara McMahon, nach maireann, agus An Dr Micheál Lehane

Féach ar struchtúr na heagraíochta ag: www.GCC.ie/about/org/



Gearáin Náisiúnta Chomhshaoil:

T: 1850 365121

Aip: See it? Say it?

